Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0371(COD)

19.2.2024

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta
(COM(2023)0642 – C9-0392/2023 – 2023/0371(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Matjaž Nemec

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 13

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta
(COM(2023)0642 – C9-0392/2023 – 2023/0371(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0642),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0392/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ba cheart an sásra chun an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 ('an sásra fionraíochta') a neartú ionas go mbeidh coimirce níos	(2) Ba cheart an sásra chun an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806 ('an sásra fionraíochta') a neartú ionas go mbeidh coimirce níos

éifeachtúla ar fáil don Aontas arb é is aidhm dó raon níos leithne imirce neamhrialta, beartais phoiblí agus rioscaí slándála a eascraíonn as na tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn II sin a chosc, chomh maith le mí-úsáid fhéideartha na díolúine ón gceanglas víosa a eascraíonn as oibriú scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí ag na tríú tíortha sin.	éifeachtúla ar fáil don Aontas arb é is aidhm dó raon níos leithne imirce neamhrialta, beartais phoiblí agus rioscaí slándála a eascraíonn as na tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn II sin a chosc, chomh maith le mí-úsáid fhéideartha na díolúine ón gceanglas víosa a eascraíonn as oibriú scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí ag na tríú tíortha sin***, agus neamhchomhlíonadh na gceanglas sonrach, go háirithe na ceanglais sin a leagtar amach maidir le caidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.***
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Ba cheart é a bheith indéanta an sásra fionraíochta a ghníomhachtú i gcásanna a bhaineann le caidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha. Ba cheart go n-áireofaí ar na breithnithe sin sárú ar chomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir an tAontas nó idir an tAontas agus na Ballstáit, ar thaobh amháin, agus an tríú tír ábhartha, ar an taobh eile; sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, ag an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh cinntí agus rialuithe cúirte idirnáisiúnta; gníomhartha naimhdeacha nó fogha ag an tríú tír ábhartha ar Bhallstát amháin nó níos mó nó ar an Aontas; sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear

ginmhilleadh agus daoine LGBTQ+ a choiriúlú, agus tabhairt isteach nó úsáid phionós an bháis ag an tríú tír ábhartha; agus neamhchomhlíonadh smachtbhannaí ábhartha an Aontais i ndáil leis an tríú tír ábhartha.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2018/1806
Airteagal 8a – mír 1 – pointe d – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) bagairtí hibrideacha;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Measann an Rapóirtéir gur cheart go mbeadh an foras sin mar chuid den phlé ar na forais faoi chaidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha mar a mholtar i bpointe (ga).

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2018/1806
Airteagal 8a – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) neamhchomhlíonadh na gceanglas sonrach, atá bunaithe ar Airteagal 1, go háirithe caidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, a eascraíonn as aon cheann díobh seo a leanas:
	(i) sárú ar chomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha idir an tAontas nó idir an tAontas agus na Ballstáit, ar thaobh amháin, agus an tríú

tír ábhartha, ar an taobh eile;

(ii) sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, ag an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh cinntí agus rialuithe cúirte idirnáisiúnta;

(iii) gníomhartha naimhdeacha nó fogha ag an tríú tír ábhartha ar Bhallstát amháin nó níos mó nó ar an Aontas;

(iv) sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear ginmhilleadh agus daoine LGBTQ+ a choiriúlú, agus tabhairt isteach nó úsáid phionós an bháis ag an tríú tír ábhartha;

(v) neamhchomhlíonadh smachtbhannaí ábhartha an Aontais i ndáil leis an tríú tír ábhartha;

Or. en

Réasúnú

Cinntear le hAirteagal 1 an bunús le díolúine ó cheanglais víosa do náisiúnaigh na dtríú tíortha agus iad ag taisteal chuig críoch na mBallstát, atá bunaithe ar mheasúnú cás ar chás ar chritéir éagsúla, agus déantar foráil in Airteagal 8 d'fhorais chun an díolúine sin a chur ar fionraí. Tá bearna ann, áfach, idir na coinníollacha maidir le díolúine ó víosa agus na forais lena fhionraí, go háirithe i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha. Is mian leis an Rapóirtéir an bhearna sin a dhúnadh trí shíneadh a chur leis na forais le haghaidh fionraí in Airteagal 8 mar a leagtar amach iad.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2018/1806
Airteagal 8c – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas sonrach, atá bunaithe ar Airteagal 1, go háirithe caidreamh seachtrach an Aontais

leis an tríú tír ábhartha, agus, maidir leis na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus a bhaineann tairbhe as léirscaoileadh víosaí, ar na forais le haghaidh fionraí dá dtagraítear in Airteagal 8a(1), pointe (ga).

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2018/1806
Airteagal 8d – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an bhfaireachán a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 8c(1) ***i ndáil leis na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II mar thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus go ceann tréimhse seacht mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosa do na tríú tíortha sin, agus ina dhiaidh sin*** nuair a mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle. Díreofar sa tuarascáil ar na tríú tíortha a mheasann an Coimisiún, ar bhonn faisnéise nithiúla iontaofa, nach gcomhlíonann ceanglais shonracha áirithe a thuilleadh, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoileadh víosa a dheonú.	1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar aghaidh ***ar bhonn bliantúil*** chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an bhfaireachán a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 8c(1), ***agus go háirithe*** aon uair a mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle. Díreofar sa tuarascáil ar na tríú tíortha a mheasann an Coimisiún, ar bhonn faisnéise nithiúla iontaofa, nach gcomhlíonann ceanglais shonracha áirithe a thuilleadh, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoileadh víosa a dheonú.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

1. Cúlra

Ceann de bhuncholúin bheartas víosaí an Aontais is ea Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin maidir le tréimhsí fanachta nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

Cinneann sé na bunphrionsabail maidir le léirscaoileadh víosaí a dheonú, socraíonn sé na tríú tíortha 'dearfacha', mar a thugtar orthu, nó na tríú tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus liostaí 'diúltacha' nó liostaí tríú tíortha a cheanglaítear le víosaí, agus foráiltear leis do choimircí nuair a d'fhéadfaí córas saor ó víosa a chur ar fionraí trí dhá bhunsásra, eadhon an sásra cómhalartachta agus an sásra fionraíochta, chomh maith leis na nósanna imeachta chun iad a ghníomhachtú.

Tar éis na n-iarrataí ón dá chomhreachtóir maidir leis an ngá atá leis an sásra fionraíochta a athbhreithniú chun a bheith níos oiriúnaí do na dúshláin atá ag teacht chun cinn, thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2023 togra spriocdhírithe le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra fionraíochta agus é mar aidhm aige roinnt gnéithe de a neartú agus a fheabhsú. Baineann an t-athbhreithniú atá beartaithe le hathbhreithniú ar Airteagal 8 agus áirítear ann roinnt leasuithe substainteacha a bhaineann leis na forais fhéideartha le haghaidh fionraí chomh maith leis na nósanna imeachta.

Tugadh an 'sásra fionraíochta' sin isteach den chéad uair in 2013[1] agus é mar phríomhchuspóir leis go bhféadfaí an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach i gcás méadú tobann substaintiúil ar an imirce neamhrialta. Rinneadh athbhreithniú ar an sásra ina dhiaidh sin in 2017[2] chun é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi na himthosca arbh fhéidir fionraíocht a bheith mar thoradh orthu, agus trína chur ar a chumas don Choimisiún an sásra fionraíochta a ghníomhachtú ar a thionscnamh féin.

2. Na leasuithe atá beartaithe ar an sásra fionraíochta

Sa togra is déanaí uaidh, déanann an Coimisiún roinnt athruithe ar an sásra atá ann faoi láthair. Tá foras nua fionraíochta beartaithe a bhaineann le bagairtí hibrideacha amhail cásanna ina bhfuil ionstraimiú státurraithe á dhéanamh ar imircigh arb é is aidhm dóibh an tsochaí agus na príomhinstitiúidí a dhíchobhsú nó an bonn a bhaint díobh, chomh maith le forais nua lena dtugtar aghaidh go sonrach ar scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí, atá á n-oibriú faoi láthair ag líon na dtríú tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin IO L 347, 20.12.2013, lgh. 74–80.

[2] Rialachán (AE) 2017/371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (athbhreithniú ar an sásra fionraíochta), IO L 61, 8.3.2017, lgh. 1–6.

Cuirtear foras nua fionraíochta leis freisin chun na cásanna a chumhdach ina bhféadfadh sé go dtiocfadh náisiúnaigh tríú tír, seachas náisiúnaigh an tríú tír sin, go dlíthiúil i gcríoch an tríú tír sin mar thoradh ar easpa ailínithe beartais víosa tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II le beartas víosa an Aontais, agus ansin go rachadh siad isteach go neamhrialta i gcríoch na mBallstát.

Tá deis nua sa togra seo freisin chun go gcuirfidh an Coimisiún tairseacha éagsúla san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige an ndéanfaidh sé díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí i gcásanna ina dtiocfaidh méadú substaintiúil ar an imirce neamhrialta, ar iarratais gan bhunús ar thearmann nó ar chionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le náisiúnaigh an tríú tír sin, tar éis measúnú cás ar chás.

Déantar athruithe sa togra freisin ar an nós imeachta agus ar na coinníollacha maidir le fógra ó Bhallstát a thabhairt don Choimisiún nuair a bhíonn imthoisc amháin nó níos mó ann arb é atá ann nó arb iad atá iontu foras le haghaidh fionraí, agus an nós imeachta maidir leis an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhfógra sin. Déantar athrú freisin ar an tréimhse thagartha chun a shainaithint gur ann do na himthosca a bhféadfadh an fhionraí a bheith mar thoradh orthu.

Beidh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún freisin faireachán a dhéanamh ar bhonn rialta ar na forais le haghaidh fionraí a bheith ann maidir le gach tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus an nós imeachta chun an sásra fionraíochta a ghníomhachtú bunaithe ar anailís an Choimisiúin féin ar na forais sin a bheith ann.

Leasaítear an nós imeachta seo tuilleadh trí fhad fhionraí shealadach na díolúine ón gceanglas víosa a mhéadú ó 9 mí go 12 mhí (don chéad chéim) agus ó 18 mí go 24 mhí (don dara céim), chomh maith le nós imeachta práinne nua a thabhairt isteach nuair a éilíonn an cás beart láithreach ón gCoimisiún.

3. Seasamh an Rapóirtéara

Le leathnú an taistil gan víosa chuig roinnt tríú tíortha nua le blianta beaga anuas, chomh maith le dúshláin agus géarchéimeanna nua atá ag teacht chun cinn ar fud an domhain, measann an Rapóirtéir go bhfuil gá ag an Aontas Eorpach le huirlisí éifeachtacha agus leordhóthanacha chun freagairt do dhúshláin den sórt sin, lena n-áirítear i réimse an bheartais víosaí.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir, den chuid is mó, le haidhm an Choimisiúin agus leis an ngá atá ann an sásra fionraíochta víosaí a neartú agus a fheabhsú. Is fiú a thabhairt faoi deara nach ndearnadh an sásra fionraíochta a ghníomhachtú ach uair amháin ó tugadh isteach é in 2013. Go háirithe i gcás Vanuatú mar gheall ar ábhair imní an Aontais maidir le feidhmiú scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí, ar ghlac an Chomhairle fionraí pháirteach ina leith i mí an Mhárta 2022, tar éis fionraí iomlán i mí Dheireadh Fómhair 2022, atá fós i bhfeidhm.

Mar gheall ar an saol atá ag síorathrú agus ar an bhforbairt atá tagtha ar bheartais AE agus ar an gcóras saor ó víosaí, creideann an Rapóirtéir gur cheart breathnú ar bheartas víosaí AE ar bhealach iomlánaíoch san athbhreithniú ar an sásra fionraíochta agus gach gné á cur san áireamh ar bhealach iomlánaíoch.

Dá bhrí sin, creideann an Rapóirtéir go bhfuil bearna bhunúsach idir na coinníollacha maidir leis an díolúine ó cheanglais víosa AE, atá bunaithe ar mheasúnú cás ar chás ar chritéir éagsúla, agus na forais lena gceadaítear fionraí ón díolúine sin. Measann an Rapóirtéir freisin go bhfuil neamhréireacht ann go háirithe i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

I ndáil leis sin, tá an Rapóirtéir den tuairim nach mór breithnithe a bhaineann le caidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha a bheith san áireamh sna forais chun an córas saor ó víosa a chur ar fionraí le tríú tír.

Ba cheart go n-áireofaí ar na forais sin le haghaidh fionraí, an méid seo a leanas, i measc nithe eile: **a)** sárú ar chomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha idir an tAontas Eorpach nó idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha ábhartha, ar an taobh eile; **b)** sáruithe tromchúiseacha ar an dlí agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ag an tríú tír ábhartha, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh cinntí agus rialuithe cúirte idirnáisiúnta; **c)** gníomhartha naimhdeacha nó fogha ag an tríú tír ábhartha ar Bhallstát amháin nó níos mó nó ar an Aontas; **d)** sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear ginmhilleadh agus daoine LGBTQ+ a choiriúlú, chomh maith le tabhairt isteach nó úsáid phionós an bháis ag an tríú tír ábhartha; agus **e)** neamhchomhlíonadh smachtbhannaí ábhartha an Aontais.

Creideann an Rapóirtéir freisin go bhfuil gá le meastóireacht rialta ar chomhlíonadh leanúnach na bhforas bunúsach do thríú tíortha a bhaineann tairbhe as léirscaoileadh víosaí nach raibh mar thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosaí. I ndáil leis sin, tacaíonn an Rapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar fhorais le haghaidh fionraí a bheith ann do na tríú tíortha uile, ach, gan amhras, ní mór breithnithe a bhaineann le caidreamh seachtrach an Aontais leis an tríú tír ábhartha a chur san áireamh ina mbreithniú.

Ós rud é go bhfuil deireadh ag teacht go tapa leis an téarma parlaiminteach reatha, is mian leis an Rapóirtéir dul ar aghaidh go tapa le glacadh shainordú caibidlíochta Pharlaimint na hEorpa chun téacs forchéimnitheach a áirithiú ar cheart é a léiriú freisin i mbeartas víosaí AE amach anseo.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
College Green Group Ltd

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.